Scoláireacht Taighde

Fostóir comhdheiseanna is ea an Leabharlann Náisiúnta
Cuirfear fáilte roimh chomhfhreagras i nGaeilge

Eolas d'Iarratasóirí

1. Tá Scoláireacht Taighde bliana á thairiscint ag Leabharlann Náisiúnta na hÉireann, i gcomhar le Coiste na hÉireann d'Eolaíochtaí Stairiúla (ICHS), do mhic léinn iarchéime (sa dara bliain ar a laghad) nó do mhic léinn iardhochtúireachta stair na hÉireann.

2. Oibreoidh an mac léinn i Rannóg na Lámhscríbhinní (Bailiúcháin Speisialta) sa Leabharlann Náisiúnta (féach Aguisín 1).

3. Riachtanais

Beidh na nithe a leanas ag an iarrthóir a n-éireoidh leo:

- Scileanna láidre idirphearsanta agus beidh siad in ann oibriú mar chuid d'fhoireann
- An cumas oibriú ar bhealach eagraithe agus táirgiúil agus aird acu ar mhionsonraí
- An cumas le spriocdhátaí a bhaint amach agus bheith in ann obair as a stuaim féin
- Sárscileanna TF.

4. Dearadh an Scoláireacht chun mac léinn a chumas le tabhairt faoi dhianstaidéar ar bhailiúchán nó bailiúcháin lámhscríbhinní roghnaithe a d'fhéadfadh sé/sí a úsáid mar mhórfhoinse i gclár taighde iarchéime nó iardhochtúireachta (féach Aguisín 1). Nuair a chríochnófar an Scoláireacht, táthar ag súil go leanfaidh an mac léinn ar aghaidh lena c(h)lár taighde agus féadfaidh sé/sí leanúint ar aghaidh ag baint úsáid as an mbailiúchán dá ábhar staire.

5. Mairfidh an Scoláireacht ar feadh tréimhse 12 mhí.

6. Tairgfidh Bord Leabharlann Náisiúnta na hÉireann conradh fostaíochta don iarrthóir rathúil

7. €20,649 sa bhliain an ráta pá bliantúil reatha a bhaineann leis an Scoláireacht agus fabhrófar 22 lá de shaoire bhliantúil.

8. Is féidir leis an Leabharlann Náisiúnta an Scoláireacht a fhoirceannadh, ag aon am, i gcás mí-iompar an scoláire nó má theipeann air/uirthi go leanúnach ar chúis ar bith na dualgais a shanntar dó/di a dhéanamh go sásúil.

9. Ba cheart iarratais comhlánaithe a chur isteach trí ríomhphost chuig Aonad Acmhainní Daonna na Leabharlainne ag careers@nli.ie.

10. **Caithfear** iarratais a dhéanamh ar fhoirm iarratais oifigiúil Leabharlann Náisiúnta na hÉireann ar féidir teacht uirthi trí http://www.nli.ie/vacancies. Ní ghlacfar ach le hiarratais a chuirtear isteach ar fhoirm iarratais Leabharlann Náisiúnta na hÉireann. Tá an dualgas ar iarrthóirí a chinntiú go bhfuil an t-iarratas curtha isteach acu ar an bhfoirm cheart.

11. Is é **Dé hAoine an 18 Meitheamh, 2021 ag 3:00 p.m.** an spriocdháta do gach iarratas. **Ní ghlacfar** le hiarratais tar éis an spriocdháta sin. Tá sé de fhreagracht ar iarrthóirí a chinntiú go bhfaightear a bhfoirm iarratais in am.

12. Déanfar gearrliostú ar iarrthóirí ar bhonn na faisnéise atá ina bhfoirmeacha iarratais.

13. Beidh ar an iarrthóir rathúil tabhairt faoi seiceálacha réamhfhostaíochta, lena n-áirítear Dearbhú Sláinte agus Carachtair agus Seiceáil Moltóirí.

14. Coimeádann an Leabharlann an ceart chun fiosrúcháin a dhéanamh de réir mar a mheasann sí a bheith cuí i ndáil le hiarratas sula ndéanfar tairiscint Scoláireacht dó/di.

Leabharlann Náisiúnta na hÉireann,
Bealtaine 2021

Aguisín 1
CLÁR SCOLÁIREACHTA LEABHARLANN NÁISIÚNTA NA HÉIREANN – TAIGHDE

Teideal an Phoist: **Scoláireacht**
Conradh Sealadach ar Théarma Seasta
(Conradh 12 mhí)

An Rannóg Leabharlainne: **Lámhscríbhinní (Bailiúcháin Speisialta)**

Clár Scoláireachta: Tá an post seo á thairiscint faoi chlár scoláireachta Leabharlann Náisiúnta na hÉireann d'iarchéimithe ar mian leo taithí a fháil ar obair i leabharlann agus tuiscint a fháil ar cheann de bhailiúcháin chartlainne uathúla na Leabharlainne.

Oibreoidh an mac léinn i Rannóg na Lámhscríbhinní (Bailiúcháin Speisialta) sa Leabharlann Náisiúnta.

Príomhdhualgais:

- Catalógú a dhéanamh ar bhailiúcháin lámhscríbhinní roghnaithe agus bailiúcháin eile de réir mar a aontófar;
- Foghlaim le catalógú a dhéanamh chuig caighdeáin idirnáisiúnta ag úsáid MARC 21 agus ISAD(G);
- Tuiscint phraiticiúil a fhorbairt ar phríomhghnéithe de bhainistíocht catalóg lena n-áirítear caomhnú agus digitiú;
- Oibriú leis an bhfoireann seirbhísí léitheora ag forbairt seirbhís do chustaiméirí agus scileanna idirphearsanta saineolacha;
- Cuir i láthair agus léachtaí le grúpaí mac léinn agus scoláirí a thagann ar cuairt;
- Cúnamh a thabhairt do thaighdeoirí aonair maidir le réimse ceisteanna taighde;
- Cuir leis an mblag ar phostáil na Scoláireachta Taighde le suíomh gréasáin ICHS;
- Dualgais eile de réir mar is cuí.

Riachtanais
Beidh na nithe a leanas ag an iarrthóir a n-éireoidh leo:

- Scileanna láidre idirphearsanta agus beidh siad in ann oibriú mar chuid d'fhoireann
- An cumas oibriú ar bhealach eagraithe agus táirgiúil agus aird acu ar mhionsonraí
- An cumas le spriocdhátaí a bhaint amach agus bheith in ann obair as a stuaim féin
- Sárscileanna TF.

Foghlaim: Óna rannpháirtíocht sa chlár scoláireachta:

- beidh deis ag mic léinn aithne a chur ar bhailiúcháin fhairsinge agus thábhachtacha Lámhscríbhinní i Leabharlann Náisiúnta na hÉireann;
- gheobhaidh mic léinn eolas praiticiúil ar chartlannú agus catalógú;
- forbróidh mic léinn tuiscint leathan ar thimpeallacht mhór Leabharlainne/faisnéise;

- forbróidh mic léinn scileanna seirbhíse trí chabhrú leis an gcartlannaí dualgais.

Bailiúcháin Lámhscríbhinne ar fáil le haghaidh Scoláireacht Taighde Leabharlann Náisiúnta na hÉireann i Stair na hÉireann, 2021-2022

Comhlachas Tráchtála Bhaile Átha Cliath (Sealbhúchán 2858)
Bailiúchán cáipéisí ag baint le cúrsaí gnó Comhlachais Tráchtála Bhaile Átha Cliath, san áireamh leabhair miontuairiscí, cuntais, tuarascálacha agus cáipeisí eile an Chomhlachais, 1783-1940.
28 bhosca

Páipéir de chuid mhuintir Riall (Sealbhúcháin éagsula ag tosnú le Sealbhúchán 1236)
Páipéir de chuid mhuintir Riall, Hodson, Plunkett, Putland, Perry agus clanna ghaolmhar agus tailte i gcontaetha Chill Mhántáin, Átha Cliath, Loch Garman, Thiobraid Árann, Chill Channaigh agus Contae an Longfoirt.
21 bhosca

Páipéir de chuid mhuintir Daly, Dún Sandail (Co. na Gaillimhe) (Sealbhúchán 1684 agus Sealbhúchán 5771)
Páipéir eastáit de chuid mhuintir Daly, Barúin Dhún Sandail, ag baint leis an dtréimhse 1754-1905.
38 bhosca

Páipéir de chuid mhuintir O'Callaghan Westropp (Sealbhúchán 728 agus cinn eile)
Páipéir teaghlaigh O'Callaghan (ina dhiaidh sin O'Callaghan Westropp), Muileann Uí Cheallacháin, Contae an Chláir.
13 bhosca